II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/119 ÓN GCOMHAIRLE

**an 28 Eanáir 2020**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(2) Tar éis do Chónaidhm na Rúise "toghcháin áitiúla", mar a thugtar orthu, an 8 Meán Fómhair 2019 a reáchtáil i bPoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus i gCathair Sevastopol na hÚcráine, a ndearnadh nascghabháil neamhdhleathach orthu, measann an Chomhairle gur cheart seachtar a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirfear na daoine a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo leis an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Eanáir 2020.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. METELKO-ZGOMBIĆ

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na daoine a leanas le liosta na ndaoine a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014:

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Na cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "184. | Sergei Andreevich DANILENKO (Сергей Андреевич ДАНИЛЕНКО) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 14.3.1960<br>Áit bhreithe: Krasnodar (íar-APSS) | Ceann Choimisiún Toghcháin Sevastopol. Sa cháil sin, ghlac sé páirt i reáchtáil na dtoghchán áitiúil an 8 Meán Fómhair 2019 i gcathair Sevastopol, a ndearnadh nascghabháil neamhdhleathach uirthi, agus ar an gcaoi sin thacaigh sé go gníomhach le gníomhaíochtaí agus chuir sé beartais chun feidhme a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. | 28.1.2020 |
| 185. | Lidia Aleksandrovna BASOVA (Лидия Александровна БАСОВА) /<br>Lidiya Oleksandrivna BASOVA (Лідія Олександрівна БАСОВА) | Inscne: baineann<br>Dáta breithe: 1972<br>Áit bhreithe: Anaithnid | Leas-Cheann Choimisiún Toghcháin Sevastopol. Sa cháil sin, ghlac sí páirt i reáchtáil na dtoghchán áitiúil an 8 Meán Fómhair 2019 i gcathair Sevastopol, a ndearnadh nascghabháil neamhdhleathach uirthi, agus ar an gcaoi sin thacaigh sí go gníomhach le gníomhaíochtaí agus chuir sí beartais chun feidhme a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. | 28.1.2020 |
| 186. | Ekaterina Eduardovna PYRKOVA (Екатерина Эдуардовна ПЫРКОВА) /<br>Kateryna Eduardivna PYRKOVA (Катерина Едуардівна ПИРКОВА) | Inscne: baineann<br>Dáta breithe: 22.8.1967<br>Áit bhreithe: Sevastopol (Iar-APSS) | Rúnaí Choimisiún Toghcháin Sevastopol. Sa cháil sin, ghlac sí páirt i reáchtáil na dtoghchán áitiúil an 8 Meán Fómhair 2019 i gcathair Sevastopol, a ndearnadh nascghabháil neamhdhleathach uirthi, agus ar an gcaoi sin thacaigh sí go gníomhach le gníomhaíochtaí agus chuir sí beartais chun feidhme a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. | 28.1.2020 |
| 187. | Ekaterina Borisovna ALTABAEVA (Екатерина Борисовна АЛТАБАЕВА) /<br>Kateryna Borysivna ALTABAEVA (Катерина Борисівна АЛТАБАЄВА) | Inscne: baineann Dáta breithe: 27.5.1956<br>Áit bhreithe:<br>Uglich (Iar-APSS) | Comhalta de Chomhairle Cónaidhme Chónaidhm na Rúise do chathair Sevastopol, a ndearnadh nascghabháil neamhdhleathach uirthi. Ag gníomhú di sa cháil sin a ghlac sí uirthi féin, d'oibrigh sí chun cathair Sevastopol, a ndearnadh nascghabháil neamhdhleathach uirthi, a lánpháirtiú a thuilleadh i gCónaidhm na Rúise agus ar an gcaoi sin thacaigh sí go gníomhach le gníomhaíochtaí agus chuir sí beartais chun feidhme a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. | 28.1.2020 |
| 188. | Yuriy Mikhailovich GOTSANYUK / Yuriy Mikhailovich GOTSANYUK (Юрий Михайлович ГОЦАНЮК)/<br>Iurii Mykhailovych HOTSANIUK (Юрій Михайлович ГОЦАНЮК) | Inscne: fireann Dáta breithe: 18.7.1966<br>Áit bhreithe:<br>Novaya Derevnya/Nove Selo (Iar-APSS) | Príomh-Aire 'Phoblacht na Crimé', mar a thugtar uirthi. Ag gníomhú dó sa cháil sin a ghlac sé air féin, d'oibrigh sé chun Poblacht na Crimé, mar a thugtar uirthi, a lánpháirtiú a thuilleadh i gCónaidhm na Rúise agus ar an gcaoi sin thacaigh sé go gníomhach le gníomhaíochtaí agus chuir sé beartais chun feidhme a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. | 28.1.2020 |

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Na cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 189. | Vladimir Vladimirovich NEMTSEV (Владимир Владимирович НЕМЦЕВ) / <br> Volodymyr Volodymyrovych NEMTSEV (Володимир Володимирович НЄМЦЕВ) | Inscne: fireann <br> Dáta breithe: 15.11.1971 <br> Áit bhreithe: Sevastopol (Iar-APSS) | Cathaoirleach ar 'Thionól Reachtach', mar a thugtar air, chathair Sevastopol, a ndearnadh nascghabháil neamhdhleathach uirthi. Ag gníomhú dó sa cháil sin a ghlac sé air féin, d'oibrigh sé chun cathair Sevastopol, a ndearnadh nascghabháil neamhdhleathach uirthi, a lánpháirtiú a thuilleadh i gCónaidhm na Rúise agus ar an gcaoi sin thacaigh sé go gníomhach le gníomhaíochtaí agus chuir sé beartais chun feidhme a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. | 28.1.2020 |
| 190. | Mikhail Vladimirovich RAZVOZHAEV (Михаил Владимирович РАЗВОЖАЕВ) / <br> Mykhailo Volodymyrovich RAZVOZHAEV (Михайло Володимирович РАЗВОЖАЄВ) | Inscne: fireann <br> Dáta breithe: 30.12.1980 <br> Áit bhreithe: Krasnoyarsk (Iar-APSS) | 'Gobharnóir gníomhach', mar a thugtar air, chathair Sevastopol, a ndearnadh nascghabháil neamhdhleathach uirthi. Ag gníomhú dó sa cháil sin a ghlac sé air féin, d'oibrigh sé chun cathair Sevastopol, a ndearnadh nascghabháil neamhdhleathach uirthi, a lánpháirtiú a thuilleadh i gCónaidhm na Rúise agus ar an gcaoi sin thacaigh sé go gníomhach le gníomhaíochtaí agus chuir sé beartais chun feidhme a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. | 28.1.2020" |